Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Aibreán 2018
(OR. en)

7881/18

RECH 127
ATO 18
COMPET 213

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7110/1/18 RECH 104 ATO 15 COMPET 153 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tionscadal athchóirithe ITER (glactha ar an 12/04/2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tionscadal athchóirithe de réir mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3611ú cruinniú dá cuid ar an 12 Aibreán 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TIONSCADAL ATHCHÓIRITHE ITER

1. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE Teachtaireacht an 14 Meitheamh 2017 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, dar teideal "Ranníocaíocht an Aontais le tionscadal athchóirithe ITER"[1].

2. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir tábhacht bhunúsach thionscadal ITER i dtreochlár comhleá na hEorpa agus an gá atá le comhordú éifeachtach a áirithiú idir gníomhaíochtaí ITER agus gníomhaíochtaí EUROfusion d'fhonn úsáid tráchtála na cumhachta comhleá a bhaint amach ar bhealach costéifeachtúil.

3. MEABHRAÍONN an Chomhairle gur shocraigh sí, in 2010, gurbh í EUR 6.6 billiún (i bpraghsanna 2008)[2] an teorainn a bheadh ann do ranníocaíocht na hEorpa leis an tionscadal don chéim thógála agus IS OTH LÉI na méaduithe suntasacha ar na costais agus na moilleanna suntasacha, a tharla san am a chuaigh thart, maidir le tabhairt chun críche agus seachadadh roinnt ranníocaíochtaí comhchineáil. Dá bhrí sin, IARRANN an Chomhairle ar na geallsealbhóirí go léir gealltanas beacht a dhéanamh go dtabharfar tionscadal ITER chun críche ar bhealach atá rathúil, costéifeachtúil agus atá de réir sceidil laistigh den bhuiséad agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé go bhfantar go docht laistigh den bhonnlíne nua.

4. AITHNÍONN an Chomhairle na feabhsuithe ar rialachas an tionscadail agus iarrachtaí na bainistíochta nua in Eagraíocht ITER agus in Fusion for Energy agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na feabhsuithe a cuireadh ar an tionscadal chun é a chur ar ais ar an mbóthar ceart i gcomhréir leis an *gcur chuige céimneach* arb é bunús na bonnlíne nua é. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é an dul chun cinn a rinneadh maidir le láithreán gréasáin ITER freisin agus baint amach na ngarspriocanna do 2016 agus 2017.

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le ranníocaíocht an Aontais le tionscadal athchóirithe ITER; Doiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún maidir le stádas thionscadal ITER, a ghabhann leis an doiciméad Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le ranníocaíocht ón Aontas le tionscadal athchóirithe ITER (10434/17 + ADD1).

[2] Conclúidí ón gComhairle maidir le stádas ITER agus an bealach ionchasach chun cinn (11902/10).

5. MOLANN an Chomhairle go ndéantar na comhpháirteanna agus na gníomhaíochtaí gaolmhara eile atá bunriachtanach chun céim an chéad phlasma a bhaint amach in 2025 agus na gníomhaíochtaí teoranta breise maidir le Suiteáil Deiridh i gcéim an oibrithe ó mhí Eanáir 2026 go dtí tús Oibríocht Deuterium-Tritium in 2035, go ndéantar iad a choimeád laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil agus i gcomhréir leis an mbonnlíne nua.

6. IARRANN an Chomhairle ar na geallsealbhóirí go léir lánaird a thabhairt ar an mbainistiú riosca agus ar rialú feabhsaithe costais araon, lena n-áirítear ullmhú iomchuí a dhéanamh do rioscaí agus do theagmhais sa chaoi go seachnófaí aon mhoilleanna breise sa todhchaí. Molann an Chomhairle do bhainistíocht Eagraíocht ITER agus Fusion for Energy tuilleadh beart teorannaithe costas agus laghdaithe riosca a ghlacadh, agus é sin a dhéanamh freisin i ndáil le gníomhaíochtaí eile seachas an ranníocaíocht chomhchineáil le tionscadal ITER, agus MEABHRAÍONN SÍ gur cheart an dearadh a bheith de réir an bhuiséid agus críoch bheartaithe na saoráide á lánurramú.

7. ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle nach mór leanúint de na measúnuithe bliantúla neamhspleácha ar dhul chun cinn ITER agus dlús a chur leo, ag díriú ar an bhfeidhmíocht agus ar bhainistiú an tionscadail, lena n-áirítear teorannú costas, rialú ar sceideal an tionscadail mar aon le bainistiú riosca. IARRANN an Chomhairle go ndéanfaí na moltaí faoi seach atá sna measúnuithe a chur chun feidhme go comhsheasmhach. CUIREANN an Chomhairle i bhFÁTH freisin nár cheart athrú a dhéanamh ar na dualgais atá ar Fusion for Energy, mar a leagtar amach iad sna Conclúidí ón gComhairle in 2010, ar dualgais maidir le tuairisciú iad.

8. IARRANN an Chomhairle ar Fusion for Energy, arb í an ghníomhaireacht intíre í atá freagrach as ranníocaíocht na hEorpa le ITER, na ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil, a theastaíonn chun an chéad phlasma a bhaint amach in 2025, a sheachadadh i gcomhréir leis an mbonnlíne nua agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil. Ina theannta sin, IARRANN an Chomhairle freisin go ndéanfar na ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil, chun an chéad phlasma a bhaint amach, a sholáthar i gcomhoibriú idir Eagraíocht ITER agus na gníomhaireachtaí uile intíre.

9. MOLANN an Chomhairle go ndéanfadh Fusion for Energy bealaí a mheas chun aghaidh a thabhairt ar leibhéil éagsúla rannpháirtíocht thionsclaíoch na mBallstát éagsúil i gcur chun feidhme thionscadal ITER, lena n-áirítear trí níos mó faisnéise faoi sholáthairtí.

10. Tugann an Chomhairle DÁ hAIRE AGUS IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrthóireacht na Spáinne agus na Cróite ar an suíomh do thionscadal IFMIF-DONES[3] a bheidh ann amach anseo agus, ag an am céanna, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an gcomhar rathúil leis an tSeapáin a choimeád ar bun laistigh de chur chuige níos fairsinge agus gur gá bearta leantacha a dhéanamh ina leith.

11. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE gurb ionann an ranníocaíocht a dhéanfaidh an Eoraip le tionscadal ITER agus 5/11 den chostas tógála, a ndéanfaidh Euratom agus an Fhrainc 80% agus 20% de, faoi seach, a chistiú. Tiocfaidh athrú ar chostais an dáilte i gcéim an oibrithe; 34% de na costais réamh-mheasta a bheidh i ranníocaíocht na hEorpa, mar a fhoráiltear i gComhaontú 2006 maidir le ITER.

12. ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle go bhfuil Euratom tiomanta i gcónaí go dtabharfaí tionscadal ITER chun críche go rathúil agus DÉANFAIDH SÍ A DÍCHEALL acmhainní a chur ar fáil laistigh de theorainneacha an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile gan réamhbhreith a dhéanamh ar aon chaibidlíocht a dhéanfar ina dhiaidh sin faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, ina gcinnfear mionsonraí an chistiúcháin a dhéanfar amach anseo.

13. IARRANN an Chomhairle go ndéanfadh gach páirtí ITER gealltanas soiléir go dtacóidh siad go hiomlán le tabhairt chun críche an tionscadail faoin mbonnlíne nua i gcomhréir le cinntí Chomhairle ITER ar an 21-22 Meitheamh 2017.

14. Faoi réir na mbreithnithe agus na gceanglas thuas, tugann an Chomhairle sainordú don Choimisiún bonnlíne nua ITER a fhormheas thar ceann Euratom ag cruinniú de Chomhairle ITER ar an leibhéal aireachta.

---

[3] Ciallaíonn IFMIF-DONES an tSaoráid Idirnáisiúnta d'Ionradú Ábhair Comhleá – Foinse Neodrón do DEMO.